Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Eanáir 2025
(OR. en)

5038/25

LIMITE

ECOFIN 31
UEM 30

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Rómáin |

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Rómáin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 126(7) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 126 CFAE, seachnóidh na Ballstáit easnaimh rialtais iomarcacha.

(2) Tá an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis bunaithe ar chuspóir an airgeadais rialtais fhónta mar mhodh chun na dálaí a neartú le haghaidh cobhsaíocht praghsanna agus fás cuimsitheach inbhuanaithe láidir a mbeidh cobhsaíocht airgeadais mar bhonn taca leis, rud a thacódh le cuspóirí an Aontais maidir le fás inbhuanaithe agus fostaíocht a bhaint amach.

(3) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais i bhfeidhm. Is cuid den chreat sin Rialachán (AE) 2024/1263[1] an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle. Is cuid den chreat sin freisin Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle[2] maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, mar aon le Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle[3] an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát.

[1] IO L, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
[2] IO L 209, 2.8.1997, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/2024-04-30.
[3] IO L, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj.

(4) Tá an Rómáin faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach ó bhí mí Aibreáin 2020 ann. An 3 Aibreán 2020, ag gníomhú di ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/509 faoi Airteagal 126(6) CFAE maidir le heasnamh iomarcach a bheith sa Rómáin mar gheall ar neamh-chomhlíonadh beartaithe chritéar easnaimh CFAE, agus d'eisigh sí moladh faoi Airteagal 126(7) CFAE d'fhonn deireadh a chur leis an easnamh iomarcach rialtais faoi 2022 ar a dhéanaí[4]. I bhfianaise an chraptha dhomhain ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a d'eascair as paindéim COVID-19, an 18 Meitheamh 2021 ghlac an Chomhairle Moladh athbhreithnithe a díríodh chuig an Rómáin faoi Airteagal 126(7) CFAE, rud a chuir síneadh leis an sprioc-am le haghaidh an cheartaithe go dtí 2024. An 24 Samhain 2021, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 faoi Airteagal 126(7) CFAE, agus mheas sé nach raibh gá ansin le céimeanna breise sa nós imeachta um easnamh iomarcach. Mar sin féin, in 2023, níor baineadh amach ceann ar bith de fho-chomhpháirteanna uile an Mholta ón gComhairle a díríodh chuig an Rómáin in 2021, ná baol air. Bhí an t-easnamh ceannlíne i bhfad níos airde (6.5 % de OTI vs 4.4 % de OTI sa Mholadh ón gComhairle), bhí an iarracht struchtúrach i bhfad níos ísle ná mar a moladh, agus bhí an fás ar ghlanchaiteachas i bhfad níos airde ná mar a moladh. Dá bhrí sin, an 26 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh faoi Airteagal 126(8) CFAE maidir le heaspa gníomhaíochta éifeachtaí[5].

---

[4] Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta um easnamh iomarcach maidir leis an Rómáin ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/romania_en.

[5] IO L, 1.8.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/2130/oj.

(5) I gcás nach bhfuil gníomhaíocht éifeachtach á déanamh ag Ballstát, le hAirteagal 126 CFAE, ceanglaítear ar an gComhairle moladh athbhreithnithe a ghlacadh atá dírithe chuig an mBallstát lena mbaineann d'fhonn deireadh a chur leis an easnamh iomarcach laistigh de thréimhse áirithe. I gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) 1467/97 ón gComhairle, bunófar leis an moladh sin freisin sprioc-am uasta 6 mhí le haghaidh gníomhaíocht éifeachtach a bheidh le déanamh ag an mBallstát lena mbaineann chun an t-easnamh iomarcach a cheartú, sprioc-am is féidir a laghdú go 3 mhí nuair is gá de bharr thromchúis an cháis. Thairis sin, sa mholadh ón gComhairle, iarrfaidh sí ar an mBallstát conair ghlanchaiteachais cheartaitheach a chur chun feidhme[6], lena n- áirithítear go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI, agus go gcoinneofar faoina bhun sin é, laistigh den sprioc-am a leagtar síos sa mholadh sin. I gcás inar osclaíodh an nós imeachta um easnamh iomarcach ar bhonn an chritéir easnaimh, beidh an chonair ghlanchaiteachais cheartaitheach i gcomhréir le coigeartú struchtúrach bliantúil íosta 0.5 % de OTI mar thagarmharc le linn na mblianta ina meastar go mbeidh an t-easnamh rialtais ghinearálta níos mó ná an luach tagartha. Féadfaidh an Coimisiún, le linn idirthréimhse in 2025, 2026 agus 2027, an tagarmharc a choigeartú chun an méadú ar íocaíochtaí úis a chur san áireamh agus an chonair cheartaitheach atá beartaithe le haghaidh na mblianta á leagan síos aige, agus aithris 23 de Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle á cur san áireamh.

PUBLIC

(6) Cuireadh san áireamh sa Chinneadh ón gComhairle an 26 Iúil 2024 go ndéanfaí an chéad chéim eile sa nós imeachta um easnamh iomarcach, is é sin moladh athbhreithnithe ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE maidir leis an easnamh iomarcach a cheartú, tar éis an phlean fhioscaigh-struchtúraigh mheántéarmaigh a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263. Leis an gcur chuige sin, is féidir comhsheasmhacht a áirithiú idir na ceanglais bhuiséadacha faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus conair an choigeartaithe a leagtar amach sa phlean fioscach-struchtúrach meántéarmach. Tá an amlíne sin agus roinnt na gcinntí faoi Airteagal 126(6) agus Airteagal 126(7) eisceachtúil agus nasctha leis an aistriú chuig an gcreat nua, agus dá bhrí sin ní leagtar fasach síos leo.

[6] De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(7) Tháinig méadú 2.4 % ar an bhfíor-OTI sa Rómáin in 2023. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh fás 1.4 % ar an ngeilleagar in 2024, le héileamh intíre láidir, rud a chúiteofar le rannchuidiú diúltach ó ghlan-onnmhairí. In 2025, meastar go dtiocfaidh méadú 2.5 % ar an bhfíor-OTI, arna spreagadh le méadú de réir a chéile ar éileamh seachtrach agus ar onnmhairí seachtracha, le maolú breise ar dhálaí airgeadais, tomhaltas príobháideach athléimneach, dlús a chur le hinfheistíocht phríobháideach, agus tacaíocht ó infheistíocht arna cistiú ag an Aontas i mbonneagar poiblí. Meastar go bhfanfaidh an ráta dífhostaíochta cobhsaí ag 5.5 % in 2024 agus in 2025. Titfidh an ráta boilscithe ó 9.7 % in 2023 go 5.5 % in 2024 agus ansin go 3.9 % in 2025.

PUBLIC

(8) De réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat an 22 Deireadh Fómhair 2024[7], 6.5 % de OTI a bhí san easnamh rialtais ghinearálta sa Rómáin in 2023. Le Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, réamh-mheastar go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta de 8.0 % de OTI in 2024 agus 7.9 % de OTI in 2025, agus, dá bhrí sin, go mbeidh sé os cionn an luacha tagartha sa dá bhliain. Réamh-mheastar gurb é 7.4 % de OTI a bheidh san easnamh struchtúrach in 2024 agus meastar nach n-athróidh sé mórán in 2025.

(9) 48.9 % de OTI a bhí san fhiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2023. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú air go 52.2 % de OTI ag deireadh 2024 agus go 56.1 % de OTI ag deireadh 2025 agus, dá bhrí sin, go bhfanfaidh sé faoi bhun an luacha tagartha 60 % de OTI.

(10) An 25 Deireadh Fómhair 2024, thíolaic an Rómáin an chéad phlean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta uaithi, i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263. Cumhdaítear leis an bplean an tréimhse idir 2025 agus 2031 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach i gcaitheamh 7 mbliana. Leis an Moladh ón gComhairle lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Rómáine le haghaidh na mblianta 2025 go 2031 agus lena bhformhuinítear sraith athchóirithe agus gealltanas infheistíochta sa phlean atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, moltar conair ghlanchaiteachais lena gcuirtear san áireamh na ceanglais uile is gá a bhaineann le conair cheartaitheach agus ba cheart é a mholadh mar an gconair ghlanchaiteachais cheartaitheach faoin nós imeachta um easnamh iomarcach. Dá bhrí sin, tá an chonair ghlanchaiteachais cheartaitheach comhsheasmhach le coigeartú struchtúrach bliantúil íosta 0.5 % de OTI ar a laghad mar thagarmharc le haghaidh na mblianta ina meastar go mbeidh an t-easnamh rialtais ghinearálta níos mó ná an luach tagartha, i gcomhréir le Rialachán (CE) 1467/97 ón gComhairle.

---

7 Táscairí Euro Eurostat a foilsíodh an 22 Deireadh Fómhair 2024. Féach: https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-euro-indicators/w/2-22102024-AP.

(11) Ar bhonn na conaire glanchaiteachais, mar an t-aon tagairt oibríochtúil amháin chun faireachán ar chomhlíonadh a dhéanamh, rud a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle lena bhformhuinítear plean na Rómáine agus sa mholadh seo, agus ar bhonn chreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin Eorpaigh agus ar bhonn Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtitfidh an t-easnamh rialtais ghinearálta ó 8.0 % de OTI in 2024 go 2.9 % de OTI faoi 2030. Mar sin féin, bunaithe ar thoimhdí an phlean, ní rachadh an t-easnamh faoi bhun luach tagartha an easnaimh 3 % ach in 2031.

(12) Ar bhonn na conaire glanchaiteachais ceartaithí atá le moladh, ar bhonn chreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin Eorpaigh, agus ar bhonn Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, thiocfadh méadú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 52.2 % de OTI ag deireadh 2024 go 59.4 % de OTI in 2030.

(13) Le bearta comhdhlúthaithe bhuiséadaigh, ba cheart ceartú marthanach an easnaimh iomarcaigh a áirithiú agus, an tráth céanna, ba cheart iad a bheith dírithe ar cháilíocht agus comhdhéanamh an airgeadais phoiblí a fheabhsú, ar infheistíocht a chaomhnú agus ar acmhainneacht fáis an gheilleagair a threisiú. Le hathchóirithe de chineál fioscach agus de chineál eacnamaíoch níos leithne (lena n-áirítear na hathchóirithe atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Rómáine[8]), ba cheart feabhas a chur ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta an gheilleagair ar bhealach inbhuanaithe, agus tacú leis an inbhuanaitheacht fhioscach.

(14) Tugann an Chomhairle dá haire nár forbraíodh go hiomlán fós an mhodheolaíocht bheacht chun measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíocht éifeachtach i gcomhthéacs an chreata fhioscaigh nua agus measann sí, dá bhrí sin, gur gá plé tráthúil a dhéanamh ar an modheolaíocht.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán 1467/97, ní dhéanfaidh an Chomhairle cinneadh an nós imeachta um easnamh iomarcach a aisghairm ach amháin, de bhun Airteagal 126(12) CFAE, i gcás inar tugadh an t-easnamh faoi bhun an luacha tagartha agus ina réamh-mheasann an Coimisiún go bhfanfaidh sé amhlaidh sa bhliain reatha agus sa bhliain ina dhiaidh sin.

---

[8] Moladh ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Rómáine, 26.11.2024, COM(2024)725 final.

AG MOLADH LEIS SEO:

1. Ba cheart don Rómáin a áirithiú nach rachadh ráta fáis ainmniúil an ghlanchaiteachais os cionn na n-uasmhéideanna a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

2. Ba cheart go gcuirfeadh an Rómáin, dá bhrí sin, deireadh le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2030.

3. Beidh go dtí an sprioc-am arna leagan síos ag an gComhairle, is é sin an 30 Aibreán 2025, ag an Rómáin chun gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh agus na bearta is gá a chur i láthair mar aon lena tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn do 2025, ar tuarascáil í atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2024/1263. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Rómáin tuairisciú ar an dul chun cinn a rinneadh i dtaca le cur chun feidhme an mholta seo gach 6 mhí ar a laghad go dtí go gceartófar an t-easnamh iomarcach.

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN I**

PUBLIC

**Uasrátaí fáis an ghlanchaiteachais**
**(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)**

**An Rómáin**

| Blianta | | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Rátaí fáis (%) | Bliantúil | 5.1 | 4.9 | 4.7 | 4.3 | 4.2 | 3.9 |
| | Carnach* | 20.2 | 26.0 | 31.9 | 37.6 | 43.3 | 49.0 |

* Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2023.